Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0007(NLE)**

**6285/26**
**ADD 1**

**TRANS 72**
**SOC 82**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach a bhaineann le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra maidir le haontachas na Mongóile do AETR a cheadú |

# IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14(1) AETR:

‘1. Beidh an Comhaontú seo ar oscailt lena shíniú go dtí an 31 Márta 1971 agus ina dhiaidh sin le haghaidh aontachais, ag Stáit is baill den Choimisiún Eacnamaíoch don Eoraip agus ag Stáit a ligfear isteach sa Choimisiún i gcáil chomhairleach faoi mhír 8 nó faoi mhír 11 de théarmaí tagartha an Choimisiúin. Beidh aontachas faoi mhír 11 de théarmaí tagartha an Choimisiúin teoranta do na Stáit seo a leanas: an Ailgéir, an Éigipt, an Iordáin, an Liobáin, an Mhongóil, Maracó agus an Túinéis.’